An Ciste Cúitimh Árachais
Bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais (an "Ciste") faoin Acht Árachais, 1964, (an tAcht) chun socruithe a dhéanamh le freastal ar dhliteanais áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha. Déantar an Ciste a choinneáil agus a riar faoi rialú Uachtarán na hArd-Chúirte, ag gníomhú dó/di trí Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Ba é cuspóir bunaidh an Chiste Cúitimh Árachais (ICF) freastal ar chostas na n-éileamh a bhí dlite do dhuine faoi pholasaí arna eisiúint ag árachóir sa Stát ina raibh an t-árachóir sin faoi leachtú. Ba leis an Acht Árachais (Uimh. 2), 1983, a cuireadh le hinfheidhmeacht an ICF, rud lenar tugadh de chumhacht don riarthóir árachóra iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun cistí a iarraidh "lena chumasú don riarthóir gnó an árachóra a choimeád faoi sheol agus a fheidhmeanna eile faoi Acht 1964 a chomhlíonadh i ndáil leis an árachóir". Cuireadh an méid sin leis mar fhreagairt do dhul faoi riarachán PMPA i mí Dheireadh Fómhair 1983. Rinneadh forálacha an Chiste a leasú tuilleadh le tabhairt isteach an Achta Árachais (Leasú) 2011. Leis an Acht sin, leasaíodh na forálacha d'íocaíochtaí ón gCiste agus don dóigh ar cheart don Ard-Chúirt caitheamh leis na hiarratais éagsúla a fhéadfaidh teacht os a chomhair i ndáil leis an gCiste. Tagann cásanna éagsúla chun cinn ag brath ar cé acu a théann cuideachta árachais atá údaraithe in Éirinn faoi leachtú nó faoi riarachán. Leagtar amach ann freisin cén uair a fhéadfaidh árachóir atá údaraithe san AE iarratas a dhéanamh ar íocaíocht ón gCiste. Tá teorainneacha ann ar íocaíochtaí ón gCiste. Is é an teorainn is tábhachtaí díobh sin ná nach rachaidh aon íocaíocht faoi pholasaí thar 65% de shuim an pholasaí nó thar €825,000 (cibé acu is ísle).

I gcás na suime a íoctar ón gCiste, is creidiúnaí de chuid an árachóra dhócmhainnigh a fuair na cistí é Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ('an Cuntasóir'). Tá freagracht ar an mBanc Ceannais as cinneadh a dhéanamh ar cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn tacaíocht airgeadais ón gCiste agus ar an leibhéal ranníocaíochta a íocfaidh árachóirí leis an gCiste. Tháinig tobhach i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012. Shocraigh an Banc Ceannais an tobhach ag uasráta 2% de na hollphréimheanna arna n-íoc. Cé go bhforáiltear leis an Acht gurb iad na hárachóirí a íocann an tobhach, is ar shealbhóirí polasaí a ghearrtar an tobhach sa chleachtas. Tá an tobhach sin iníoctha ag árachóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar a bhfuil freagracht as an tobhach a bhailiú agus a aistriú ina dhiaidh sin chuig an gCiste. Sa chás nach bhfuil dóthain airgid sa Chiste chun freastal ar íocaíocht atá faofa ag an Ard-Chúirt, féadfaidh an tAire Airgeadais, de réir Alt 5 d'Acht 1964 agus ar mholadh an Bhainc Cheannais, airgead a airleacan chun an Lár-Chiste chun go bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh uaidh.

Soláthraíonn an Cuntasóir ráiteas airgeadais faoin gCiste don Roinn Airgeadais agus don Bhanc Ceannais gach bliain, rud a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Roinne Airgeadais ag www.finance.gov.ie. Taifeadtar i ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais fáltais na gCistí agus íocaíochtaí agus infheistíochtaí ó na Cistí. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, phróiseáil Oifig an Chuntasóra íocaíochtaí ar a raibh luach airgeadaíochta €143.3 milliún ón gCiste. Bhí luach airgeadaíochta €65.5 milliún ar na tobhaigh árachais iomlána a fuair Oifig an Chuntasóra don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.

Ó thabhairt isteach an Achta Árachais (Leasú) 2011, tá gníomhaíocht shuntasach á déanamh ag Oifig an Chuntasóra maidir leis an gCiste a bhainistiú. Íoctar suimeanna ón gCiste, le faomhadh ón Ard-Chúirt, i ndáil le hárachóir atá faoi leachtú nó faoi riarachán maidir le héilimh faoi pholasaithe arna n-eisiúint ag an árachóir dócmhainneach i gcásanna nach dóigh go bhfreastalófar ar na héilimh sin i slí eile. Is é seo a leanas achoimre ar an bpríomhghníomhaíocht ar an gCiste le blianta beaga anuas:

Quinn Insurance Ltd (faoi riarachán)
I mí an Mhárta 2010, ba le hordú ón Ard-Chúirt tar éis iarratas a fháil ón Rialálaí Airgeadais a rinneadh comhriarthóirí a cheapadh chun Quinn Insurance Limited (QIL). Le linn an athbhreithnithe airgeadais lena mbaineann, rinne an Ciste íocaíocht €40 milliún le Riarthóirí Quinn de réir ordú ón Ard-Chúirt. Fuair an Ciste €100 milliún ar ais ó Riarthóirí Quinn freisin, rud a chuir an Ciste ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais mar aisíocaíocht pháirteach na n-airleacan iasachta a thug an Stát don Chiste. Idir Samhain 2011 agus an 30 Meán Fómhair 2014, b'ionann na glaníocaíochtaí iomlána ón gCiste le Quinn Insurance Limited (faoi Riarachán) agus €1,058 milliún.

An Ciste Cúitimh Árachais (ar lean)

Setanta Insurance Company Ltd (faoi leachtú)
Chuaigh Setanta Insurance faoi leachtú i mí Aibreáin 2014. Tá ardleibhéal gníomhaíochta ar bun ar an gcás seo, maidir leis na ceisteanna casta riaracháin agus leis na ceisteanna casta dlíthiúla araon a bhaineann le déileáil le hárachóir faoi leachtú, rud nár dhéileáil an Oifig leis roimhe sin. Cé go bhfuil Setanta lonnaithe agus á rialáil i Málta, cumhdaítear rioscaí mótarárachais sa Stát le gach ceann dá chuid polasaithe. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinneadh obair shuntasach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le déileáil le héilimh fhéideartha ó leachtaitheoir Setanta thar ceann shealbhóirí polasaí Setanta. D'oibrigh an Oifig le raon páirtithe leasmhara agus í ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna is gá a réiteach sula bhféadfar iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt i ndáil le sealbhóirí polasaí Setanta.

Lemma Europe Insurance Company Ltd (faoi leachtú)
Ba é an Coimisiún Seirbhísí Airgeadais i nGiobráltar a thug údarás do Lemma dul i mbun gnó. D'ordaigh Cúirt Uachtarach Giobráltar ina dhiaidh sin an 24 Eanáir 2013 go gceapfaí leachtaitheoir chun Lemma. Rinne an Ciste iarratas amháin a fháil agus a phróiseáil i mí Iúil 2014 maidir leis an riosca a bhain le polasaí a bhí lonnaithe in Éirinn. Is gá don Chiste thart ar 15 éileamh eile a phróiseáil, nithe a ndéanfaidh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát athbhreithniú orthu sula ndéileálfaidh an Cuntasóir leo.

Buíochas
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann in Oifig an Chuntasóra as an obair den scoth a rinne sí le linn na bliana maidir leis an méadú suntasach in ualach oibre na hoifige a bhainistiú. Chuir siad go mór le seirbhís den scoth a sholáthar do raon leathan cliant. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a fuarthas ó aonaid eile ghnó sa tSeirbhís Chúirteanna, ó Chomhairleoirí Infheistíochta, ó Bhainisteoirí Infheistíochta, ó sholáthraithe eile seirbhísí agus ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. A bhuí leis an tacaíocht sin, cuireadh ar chumas Oifig an Chuntasóra a chuid cuspóirí a chomhlíonadh le linn na bliana.

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Dáta: 23 Márta 2015

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÓL OIFIG NA gCOIMIRCITHE CÚIRTE

Baineann sciar suntasach de na cistí atá faoi bhainistíocht Oifig an Chuntasóra le daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus a bhfuil a gcuid gnóthaí á mbainistiú ag Oifig na gCoimircithe Cúirte. Is é seo a leanas forbhreathnú gairid ar an obair a dhéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte.

Tá go leor daoine ann a chailleann, de bharr tinnis nó timpiste, an cumas atá acu cinntí a dhéanamh dóibh féin; tá go leor daoine eile ann a rugadh faoi mhíchumas intleachta agus nach bhfuil in ann aire a thabhairt dá gcuid gnóthaí féin in aon chás ar bith.

Is le córas na gCoimircithe Cúirte a cheadaítear cinnteoireacht ionadach, rud a fhágann go bhféadfaidh an Chúirt cinntí a dhéanamh atá riachtanach chun an duine agus maoin an duine sin nach bhfuil lánchumas meabhrach aige/aici a chosaint. Is é an bunphrionsabal taobh thiar den dlínse Choimircíochta go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna is a bhfeidhmeodh tuismitheoir stuama maidir le leas linbh.

Cé gur leis an reachtaíocht agus le rialacha na cúirte a fhoráiltear don dlínse Choimircíochta, níl sí teoranta le reacht. Is dlínse í a fheidhmíonn an Chúirt faoi réir fhorálacha an Bhunreachta amháin. Dá bhrí sin, tá cumhachtaí an-leathan ag an gCúirt, agus tá dualgais an-leathan uirthi, i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá an dlínse dílsithe d'Uachtarán na hArd-Chúirte agus, dá réir sin, tá freagracht air/uirthi as gnóthaí Coimircithe Cúirte a bhainistiú. Tá bainistíocht laethúil ar na gnóthaí sin tarmligthe aige chuig Cláraitheoir agus chuig foireann Oifig na gCoimircithe Cúirte. Ba faoi Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, a bunaíodh Oifig na gCoimircithe Cúirte agus post Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte. De réir na reachtaíochta sin agus rialacha na Cúirte, tá freagracht reachtúil ar Oifig agus ar Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte gnóthaí daoine ar Coimircithe Cúirte iad a bhainistiú. Déanann an Chúirt coiste, a bhfuil ina b(h)all de theaghlach an Choimircí i bhformhór na gcásanna, a cheapadh agus iarrtar ar an gcoiste sin moltaí a dhéanamh i ndáil le hábhair éagsúla amhail leas agus maoin an Choimircí agus a (h)ionad cónaithe sa todhchaí.

Tagann Coimircíocht chun cinn de ghnáth i gcásanna ina bhfuil maoin ag duine a bhfuil easpa cumais aige/aici agus inar gá an mhaoin sin a úsáid chun tairbhe an duine sin nó chun an duine sin a chothabháil. Mar shampla, d'fhéadfadh gur ghá teach a dhíol nó cistí a aistarraingt ó chuntas bainc chun íoc as cúram i dteach altranais. Tar éis díolacháin nó dúnadh cuntas bainc, déantar cistí ar leis na Coimircithe iad a thaisceadh sa Chúirt agus coinnítear iad faoi rialú Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Tá freagracht ar an gCláraitheoir as treoir a thabhairt don Chuntasóir maidir le cistí Coimircithe Cúirte a infheistiú de réir phrótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna, faoi mar a mholann ár gcomhairleoirí infheistíochta. Tá freagracht air/uirthi freisin as scaoileadh íocaíochtaí a údarú thar ceann Coimircithe. Is é an Cláraitheoir a chinneann an straitéis chuí infheistíochta do gach cás ar leith de réir phrótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna. Agus an straitéis chuí á roghnú aige/aici, féachann an Cláraitheoir do shócmhainní an Choimircí agus do na riachtanais leanúnacha airgeadais atá aige nó aici. Déantar na cistí a infheistiú ionas go bhfreastalóidh siad, nuair is féidir, ar na riachtanais sin ar feadh na coda eile de shaol an Choimircí. Tá freagracht ar an gCláraitheoir freisin as treoir a thabhairt don Chuntasóir, nuair is cuí, dóthain airgid thirim a infheistiú in infheistíocht airgid thirim ar leith, rud ar cheart dó freastal ar íocaíochtaí cothabhála agus ar íocaíochtaí eile atá tuartha ar feadh tréimhse trí bliana.

Déantar mionaoisigh - is é sin, daoine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois - a thógáil faoi Choimircíocht ó am go chéile. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcásanna ina bhfuil an mionaoiseach i dteideal suim shuntasach airgid a fháil de bharr dámhachtain Chúirte nó oidhreachta. Mar an gcéanna, déantar na cistí sin a infheistiú i gceann de na straitéisí atá ar fáil faoi threoir an Chláraitheora. Déantar íocaíochtaí rialta le tuismitheoirí nó le caomhnóirí an mhionaoisigh. Ar ocht mbliana déag d'aois a bhaint amach dó/di, tá an mionaoiseach i dteideal an chuid eile de na cistí a fháil ach amháin i gcásanna ina bhfuil fianaise leighis ann ar éagumas meabhrach.

FAISNÉIS CHÚLRA

Is leis na téarmaí caipitlithe a úsáidtear anseo a bheidh an bhrí chéanna le téarmaí caipitlithe a úsáidtear sa Réamheolaire agus sna Forlíontaí leis an Réamheolaire, mura sainmhínítear iad i slí eile anseo.

Eagrúchán
Rinneadh Iontaobhas Aonad Speictrim State Street Global Advisors (an "tIontaobhas"), ar iontaobhas aonad neamhiata é, a bhunú le Gníomhas Iontaobhais dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003. Tá an tIontaobhas údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann (an "Banc Ceannais") de bhun fhorálacha an Achta um Iontaobhais Aonad, 1990. Tá an tIontaobhas struchtúrtha mar bhratchiste. Is é sin, féadfar fochistí éagsúla a bhunú ó am go chéile le toiliú roimh ré ón mBanc Ceannais. Ina theannta sin, is féidir go bhfuil níos mó ná aicme aonad amháin ag gabháil le gach fochiste. Is ar leithligh óna chéile atá na sócmhainní de chuid gach fochiste agus infheistítear iad de réir na gcuspóirí infheistíochta agus na mbeartas infheistíochta a bhaineann le gach fochiste.

Sheol an tIontaobhas na ceithre fhochiste seo a leanas (an "Ciste" ina n-aonar/na "Cistí" le chéile) an 10 Nollaig 2003:
Ciste Cothromaithe SSgA
Ciste Bannaí Plus SSgA
Ciste Airgid Thirim Plus SSgA
Ciste Fáis SSgA

Mar chuid d'athstruchtúrú a rinneadh ar an Iontaobhas, athraíodh ainm na gCistí mar seo a leanas an 9 Deireadh Fómhair 2013:
Ó Chiste Cothromaithe SSgA go Ciste Fáis Speictrim SSgA
Ó Chiste Bannaí Plus SSgA go Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA
Ó Chiste Airgid Thirim Plus SSgA go Ciste Airgid Thirim Speictrim Plus SSgA
Ó Chiste Fáis SSgA go Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim SSgA

Rinneadh an Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA agus an Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA a sheoladh an lá céanna. Is é an euro an bunairgeadra do gach ceann de na sé Chiste.

Cuspóirí infheistíochta

Ciste Fáis Speictrim SSgA
Is é príomhchuspóir infheistíochta an Chiste féachaint le luachmhéadú caipitil a ghiniúint, agus ardleibhéal rialú riosca á choinneáil ar bun ag an am céanna. Bainfear é sin amach trí infheistíocht a dhéanamh i bhfochistí éagsúla de chuid Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA agus i gCistí eile.

Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA
Is é cuspóir infheistíochta an Chiste torthaí airgid thirim níos fearr a bhaint amach atá de bhreis ar Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch (an "tInnéacs"), agus leas á bhaint as macrachur chuige bunúsach agus as cur chuige bunaithe ar thaighde creidmheasa. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, infheistíonn an Ciste suas le 100% dá chuid sócmhainní i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSgA.

Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA
Is é cuspóir infheistíochta an Chiste luach caipitil a choinneáil agus ioncam a ghiniúint, agus ardleibhéal rialú riosca á choinneáil ar bun ag an am céanna. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, infheistíonn an Ciste suas le 100% dá chuid sócmhainní i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSgA.

Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim SSgA
Is é príomhchuspóir infheistíochta an Chiste ioncam a ghiniúint, agus ardleibhéal rialú riosca á choinneáil ar bun ag an am céanna. Bainfear é sin amach go príomha trí infheistíocht a bheith á déanamh ag an gCiste i gCiste Euribor Plus GRU SSgA agus i gCiste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA.

Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA
Is é cuspóir infheistíochta an Chiste féachaint le luachmhéadú caipitil a ghiniúint. Bainfear é sin amach go príomha trí shócmhainní an Chiste a infheistiú i gCiste Euribor Plus GRU SSgA agus i bhfochistí eile de chuid Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA amhail Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA, Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA.

Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA
Is é cuspóir infheistíochta an Chiste féachaint le luachmhéadú caipitil a ghiniúint. Bainfear é sin amach go príomha trí shócmhainní an Chiste a infheistiú i gCiste Euribor Plus GRU SSgA agus i bhfochistí eile de chuid Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA amhail Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA, Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA.

Feidhmíocht Chistí Iontaobhais Aonad Speictrim State Street Global Advisors don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014

	Ciste Fáis Speictrim SSgA %	Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA %	Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA %	Ciste Airgid Thirim agus Bannaí Ghearrthéarmacha Speictrim SSgA %	Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA %	Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA %
Toradh Punainne	14.42	0.50	0.21	1.08	5.51	2.30
Toradh Tagarmharcála	13.13	0.16	-0.02	0.74	5.29	2.02
Difríocht	1.29	0.34	0.23	0.34	0.22	0.28

Nótaí:
Is comhlán ar tháillí atá torthaí punainne na gCistí Speictrim a léirítear.

Baineann na torthaí aon bhliana leis an tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2013 agus an 30 Meán Fómhair 2014. Tá siad ainmnithe i dtéarmaí Euro, ach amháin i gcás Chiste Éagsúlaithe Speictrim SSgA agus Chiste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA a seoladh an 9 Deireadh Fómhair 2013.

Is é an tagarmharc do Chiste Fáis Speictrim SSgA ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda an FTSE ar ráta 55%, Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ar ráta 15%, Innéacs Bannaí Corparáideacha Comhiomlána Euro Barclays ar ráta 15% agus EONIA ar ráta 15%.

Is é an tagarmharc do Chiste Speictrim Euribor Plus SSgA ná Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch.

Is é an tagarmharc do Chiste Airgid Thirim Speictrim SSgA ná Ráta Euro 7 Lá LIBID.

Is é an tagarmharc do Chiste Airgid Thirim agus Bannaí Gearrthéarmacha Speictrim SSgA ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch ar ráta 70% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ar ráta 30%.

Is é an tagarmharc do Chiste Éagsúlaithe Speictrim SSgA ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch ar ráta 50%, Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc an FTSE ar ráta 22.5% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ar ráta 27.5%.

Is é an tagarmharc do Chiste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA ná meascán díobh seo a leanas: Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch ar ráta 70%, Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc an FTSE ar ráta 7% agus Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain EMU Citi ar ráta 23%.

Foinse: Datastream

Athbhreithniú margaidh

Tar éis 12 mhí a bhí spéisiúil agus luaineach ó am go chéile, bhí torthaí maithe bainte amach ag infheisteoirí i mbannaí agus i ngnáthscaireanna araon ag deireadh na tréimhse faoi athbhreithniú. Ba iad saintréithe na tréimhse ná rátaí ísle úis ón mBanc Ceannais, an feabhas a bhí ag teacht ar gheilleagar na Stát Aontaithe agus na Ríochta Aontaithe agus an méadú a bhí ag teacht ar thuilleamh corparáideach. Den chuid is mó, ba sa domhan forbartha a bhí an fheidhmíocht eacnamaíoch ab fhearr. Ag an am céanna, bhí deacracht ag codanna den domhan atá i mbéal forbartha móiminteam a athghnóthú de bharr fás mall sa tSín. Laghdaigh an méid sin an spéis a bhí ann i sócmhainní margaí atá ag teacht chun cinn ar feadh tamaill, go háirithe tríd an gcéad leath den tréimhse faoi athbhreithniú, cé go bhfuil téarnamh maith tagtha le míonna anuas.

Bhí dearcadh dearfach i measc na stocmhargaí ag tús na tréimhse faoi athbhreithniú, de réir mar a bhí infheisteoirí ag seachaint na n-ábhar imní barrchaolúcháin sna Stáit Aontaithe a rinne dochar do sheintimint i mBealtaine agus i Meitheamh na bliana 2013. Mar sin féin, chuaigh tamall eile thart go dtí gur thosaigh margaí atá ag teacht chun cinn ag téarnamh toisc gur laghdaíodh spéis i measc infheisteoirí de bharr ábhair imní eacnamaíocha faoin tSín agus faoin mórchruinne margaí atá ag teacht chun cinn. Lean an patrún sin ar aghaidh go dtí an bhliain 2014 toisc gur dhianaigh laige airgeadra an drochthoradh do shócmhainní margaí atá ag teacht chun cinn ar feadh tamaill. Cé gur choinnigh bainc cheannais i dtíortha forbartha rátaí úis neas-nialasacha ar bun, agus cé go ndearna an ECB rátaí diúltacha de rátaí taisce, rinne roinnt bainc cheannais i margaí atá ag teacht chun cinn rátaí a ardú chun a gcuid airgeadra a chosaint agus chun brúnna boilscithe a mhaolú. A bhuí le fianaise ar chobhsaíocht sa tSín agus le toradh fabhrach toghcháin san India, áfach, bhí méadú suntasach i bhfeidhmíocht na margaí atá ag teacht chun cinn i míonna deiridh na tréimhse faoi athbhreithniú. Tháinig an feabhas sin chun cinn beag beann ar an méadú sa teannas geopholaitiúil in Oirthear na hEorpa agus sa Mheánoirthear. Dá bhrí sin, ba ann do ghnóthachain mhóra i bhformhór na n-innéacsanna domhanda de chuid stocmhargaí forbartha agus stocmhargaí atá ag teacht chun cinn thar an tréimhse.

Bhí dhá thaobh ar scéal na mbannaí sa tréimhse faoi athbhreithniú. Sna míonna deiridh de 2013, chuaigh bannaí flaithiúnais as faisean de bharr an ionchais níos fearr a bhí ann do mhórgheilleagair fhorbartha an domhain. Mhéadaigh formhór na dtorthaí go deireadh na bliana seo caite, agus méadú beagán os cionn 3% á bhaint amach ag bannaí 10 mbliana na Stát Aontaithe agus na Ríochta Aontaithe ag an 31 Nollaig. Bhí torthaí bhannaí na Gearmáine beagán faoi bhun 2%. Nuair a bhí sé soiléir go mbeadh ar an ECB beartas airgeadaíochta a éascú tuilleadh in 2014, thosaigh torthaí Limistéar an Euro ag laghdú agus d'éirigh infheisteoirí ní ba chúramaí de bharr an teannais gheopholaitiúil a bhí ag ardú. Bhí tacaíocht athnuaite do bhannaí na Gearmáine – agus torthaí bannaí 10 mbliana á dtitim go 0.89% ag deireadh mhí Lúnasa – tar éis eitleán a chur go talamh san Úcráin agus de dheasca ábhair imní go n-imreodh an leamhsháinn leis an Rúis tionchar geilleagrach fada ar an Eoraip.

I margaí airgid an Euro, bhíothas ag caint le linn na chéad leithe den bhliain faoi na bearta a d'fhéadfadh an Banc Ceannais Eorpach ("ECB") a dhéanamh mar thoradh ar bhoilsciú a bhí ag titim go tapa i Limistéar an Euro agus ar an leibhéal dífhostaíochta a bhí fós ró-ard. Bhí sé dosheachanta go ndéanfaí beart de chineál éigin, agus bhíothas ag súil leis go ndéanfaí ráta diúltach den ráta taisce. Go deimhin, ós rud é go rabhthas ag súil chomh mór sin leis, bheadh an-díomá ar an margadh murar éascaigh an ECB rátaí beartais in éineacht le bearta chun iasachtú a chothú. Is é an tUachtarán Draghi a thug isteach an fhéidearthacht go ndéanfaí rátaí a éascú nuair a dúirt sé: "tá an chomhairle rialúcháin sásta le beart a dhéanamh an chéad uair eile". Bhí sé soiléir gur leor réamh-mheastacháin foirne a bhí ar fáil go luath i mí an Mheithimh chun réamhaisnéisí boilscithe a athbhreithniú. Mar gheall air sin, thosaigh an margadh ag marcáil chuair na margaí airgid ar bhonn ní b'ísle. Bhí sé soiléir gurbh ábhar imní do bhaincéirí ceannais é neart an airgeadra aonair, cé nár chosúil go raibh an imní chéanna orthu faoin teannas a chonacthas le déanaí i margaí airgid. Agus laghdú tagtha i róleachtacht go meánfhigiúr dúnta €100 billiún i mí na Bealtaine, bhí athruithe luaineacha sa Mheáninnéacs Euro Thar Oíche ("EONIA") ar bun. Tar éis cuid mhór tuairimíochta, d'fhógair an ECB raon bearta beartais i mí an Mheithimh a bhí dírithe ar an mbagairt a bhaineann le díbhoilsciú a chur ar gcúl.

Laghdaíodh an bonnráta úis go 0.15%, cé gurbh fhéidir an fhógairt ba chonspóidí ná laghdú ráta na saoráide taisce go -0.10%. Staid nua í seo do mhórbhanc ceannais, agus is é is aidhm dó brú a chur ar bhainc gan cistí a thaisceadh ag an mBanc Ceannais Eorpach agus iasachtú leis an ngeilleagar fíor a spreagadh. D'fhógair an chomhairle rialaithe go sínfí Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe cionroinnte iomláine ráta sheasta go dtí mí na Nollag 2016 ar a laghad i dteannta Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe ar Théarma Níos Faide ("TLTRO") atá le haibiú i mí Mheán Fómhair 2018. Anuas air sin, d'fhógair an Banc Ceannais Eorpach (ECB) go gcuirfí steiriliú Chlár na Margaí Urrús agus go bhfuil sé mar rún aige "an obair ullmhúcháin a bhaineann le ceannacháin sa Mhargadh Urrús de bhun Sócmhainní ("ABS") a dhianú". D'fhreagair an margadh go maith do na bearta agus d'éirigh le margaí ceannasacha imeallacha na leibhéil ab ísle riamh a shroicheadh. Leis an aibíocht ceithre bliana agus an ráta neamhchostasach iasachtaithe, cuirtear deis fhónta ar fáil do bhainc a gcuid nochtaí ceannasacha intíre trí bliana atá ag aibiú a thar-rolladh agus féadfaidh bainc ó na príomhthíortha an oibríocht a úsáid chun teacht in ionad maoiniú margaidh atá níos costasaí.

Athbhreithniú Margaidh (ar lean)

De bharr na ngníomhartha síochánta agus na mbeart neamhghnách a thug an ECB isteach i mí an Mheithimh, sholáthair an banc ceannais ciorrú breise 0.10% ar gach ráta oifigiúil ag an gcruinniú do mhí Mheán Fómhair. Chomh maith leis sin, d'fhógair sé bearta breise arbh é ab aidhm dóibh iasachtú a spreagadh trí UBS agus trí chlár ceannaithe urrús clúdaithe. Cé gur chuir an cinneadh chun rátaí úis a ísliú tamall gearr tar éis na fógartha i mí an Mheithimh iontas ar an margadh, cheap an banc ceannais gur sách ard a bhí an baol go dtiocfadh díbhoilsciú agus fás mall aníos i Limistéar an Euro le haghaidh bearta beartais breise a sholáthar um an dtaca sin.

Measadh ar dtús go mbeadh tionchar breise anuas ar rátaí gearrthéarmacha ag an TLTRO réamhluaite a fógraíodh an 18 Meán Fómhair. Mar sin féin, cúis faoisimh d'infheisteoirí cistí airgid a bhí sa ghlacadh leis an gcéad cheann de shraith ocht n-oibríocht a bhí níos ísle ná a bhíothas ag súil leis, cé gur cinnte go gcuirfidh sé sin díomá ar an ECB. San iomlán, chuir 255 banc tairiscint isteach ar €82.6 billiún, i gcomparáid leis an €174bn a bhí i gcomhdhearcadh Bloomberg agus leis an €133bn a bhí i suirbhé Reuters. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, chuir 523 banc tairiscint isteach ar na chéad Oibríochtaí Athmhaoinithe ar Théarma Níos Faide trí bliana i mí na Nollag 2011 agus chuir 800 banc tairiscint isteach ar an oibríocht i mí Feabhra 2012. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an mbarrachas leachtachta, rud a choinnigh Meán-treoiruimhir Euro Thar Oíche (EONIA) i staid dhearfach den chuid is mó den mhí dheireanach. Tar éis an ardaithe spreagtha ag deireadh na ráithe, áfach, ba cheart go leanfaí de na brúnna anuas ar an EONIA.

Sa gheilleagar leathan, léirigh an meastachán is déanaí den Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí ("CPI") gur mhoilligh Limistéar an Euro ina iomláine go 0.3% i mí Mheán Fómhair. Ós rud nach bhfuil aon léiriú d'aisiompú sa treocht frithbhoilscitheach go fóill agus de bharr bacainní leanúnacha ar fud an réigiúin, táthar ag súil go bpléifear tuilleadh beart neamhghnách ag cruinniú an ECB i mí Dheireadh Fómhair. Táthar ag súil le ceannacháin UBS agus Bannaí Clúdaithe sa bhliain ar fiú €200 billiún iad. Íslíodh an meastachán sin go pointe áirithe le déanaí toisc go bhfuil easpa muiníne as pleananna an bhainc cheannais chun an clár comhardaithe a mhéadú trí mhéid mór den chineál sin a fhoinsiú sna cineálacha sócmhainne réamhluaite. Dá bhrí sin, meastar anois gur rud cinnte é clár ceannaithe sócmhainní a chuimsíonn urrúis cheannasacha, cé gur measadh nach raibh ann ach féidearthacht roimhe seo. Níor éirigh leis na sonraí is déanaí ó mhargaí saothair an giúmar a ardú ós rud é gur fhan ráta dífhostaíochta Limistéar an Euro ag 11.5% i mí Lúnasa. Anuas air sin, tugann laige sna suirbhéanna is déanaí sa Ghearmáin le fios go bhfuil buarthaí faoi théarnamh an gheilleagair is mó san Eoraip.

Ciste Fáis Speictrim SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht

Bhí leithdháileadh an Chiste ag deireadh na bliana mar seo a leanas:

Ciste	**Leithdháileadh**
Ciste Innéacs Banna Lán-Áise an ABF	1.26%
Tráchtearra Caidhpeáilte EasyETF S&P GSCI 35/20	1.95%
Banna Margaí Éiritheacha UCITS ETF iShares J.P. Morgan $	1.20%
Banna Margaí Éiritheacha UCITS ETF SPDR Barclays	1.13%
Banna Ardtoraidh Euro UCITS ETF SPDR Barclays	0.23%
Banna Ardtoraidh UCITS ETF SPDR Barclays	1.11%
Bonneagar Domhanda ECITS ETF SPDR S&P	1.30%
Ciste Euribor Plus GRU SSgA	0.01%
Ciste Innéacs Bannaí Corparáideacha Comhiomlána Euro SSgA	17.65%
Ciste Leithdháileadh Sócmhainní Solúbtha Plus SSgA	3.29%
Ciste Frithpháirteach Eastáit Réadaigh Innéacs Dhomhanda SSgA	0.22%
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA	14.55%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA	6.48%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA	49.73%

Ciste Fáis Speictrim SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht (ar lean)

Sa bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2014, bhí an Ciste 1.29% ní ba mhó ná a thagarmharc ar bhonn chomhlán na dtáillí. Ba í an bhunstraitéis "Comhroghanna Éagsúlaithe SSgA", a bhí i bhfad ní ba mhó ná a thagarmharc EONIA, a bhrúigh sé sin chun cinn den chuid ba mhó. Tréimhse láidir do roinnt mhaith de na haicmí sócmhainne laistigh de Straitéis Comhroghanna Éagsúlaithe SSgA a bhí i ndeireadh na bliana 2013 agus sa bhliain 2014 go dtí mí Mheán Fómhair, rud a sholáthair feidhmíocht ard.

Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar straitéis

Ar fud na bliana, d'infheistigh Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA a shócmhainní uile i gCiste Euribor Plus GRU SSgA agus roimh sheoladh an chiste sin, i gCiste Euribor Plus SSgA (na "Bunchistí" i dteannta a chéile), a bainistíodh de réir an aon straitéise amháin.

Ba iad an céatadán ard d'urrúis ráta chomhlúthaigh agus síneadh na n-urrús faid sheasta, a chuir le torthaí breise os cionn an tagarmhairc, a bhrúigh feidhmíocht na mBunchistí chun cinn den chuid ba mhó.

Níor tháinig aon athrú ar chomhdhéanamh foriomlán na mBunchistí go ginearálta sa bhliain mar gur choinnigh an Bainisteoir Infheistíochta leithdháiltí earnála. Lean na Bunchistí ar aghaidh ag sealbhú céatadán ard d'urrúis ráta chomhdhlúthaigh ach chuir siad le hurrúis ráta sheasta. Tríd sin, bhain siad leas as roinnt torthaí ní b'airde in aghaidh neamhchinnteachta sa chúlra go laghdódh an ECB rátaí. D'fhan cáilíocht chreidmheasa punainne ag leibhéal ard ar fud na bliana.

D'fheidhmigh an Ciste ar aon dul lena thagarmharc sa bhliain, bliain inar fheidhmigh sé 0.34% os a chionn sa tréimhse. B'ionann comhlán toraidh táillí an Chiste agus 0.50% agus b'ionann an fheidhmíocht tagarmhairc agus 0.16%.

Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar straitéis

Ar fud na bliana, d'infheistigh Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA a shócmhainní uile i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSgA (an "Bunchiste"), ar ciste gearrthéarmach margaidh airgid é.

Tá bainisteoirí punainne an Bhunchiste tiomanta do chaomhnú leachtachta agus caipitil agus níor athraíodh bainistíocht an Bhunchiste sa timpeallacht reatha ráta úis ísil. Bíonn infheistíochtaí comhchruinnithe fós sna heisitheoirí is airde cáilíocht agus is leachtaí ó dhlínsí aitheanta agus níor tháinig aon athrú ar a gcur chuige maidir le sceideal aibíochta dea-chéimnithe. D'fhan Meánaibíocht Ualaithe an Bhunchiste ag an taobh ab airde den scála 45-55 lá d'fhonn an leas ab fhearr a bhaint as gráid aibíochta téarma sa timthriall ráta úis seo. Dá bharr sin, bhí toradh an Bhunchiste ábalta fanacht thart ar 0.10% tar éis bhearta an ECB.

D'fheidhmigh an Ciste ar aon dul lena thagarmharc sa bhliain, bliain inar fheidhmigh sé 0.23% os a chionn sa tréimhse. B'ionann comhlán toraidh táillí an Chiste agus 0.21% agus b'ionann an fheidhmíocht tagarmhairc agus (0.02)%.

Ciste Airgead Tirim agus Banna Ghearrthéarmaigh Speictrim SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht

Bhí leithdháileadh an Chiste ag deireadh na bliana mar seo a leanas:

Ciste	Leithdháileadh
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA	30.09%
Ciste Euribor Plus GRU SSgA	69.99%

D'fheidhmigh an Ciste ar aon dul lena thagarmharc sa bhliain, bliain inar fheidhmigh sé 0.34% os a chionn sa tréimhse.

B'ionann comhlán toraidh táillí an Chiste agus 1.08% agus b'ionann an fheidhmíocht tagarmhairc agus 0.74%.

Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht

Bhí leithdháileadh an Chiste ag deireadh na tréimhse mar seo a leanas:

Ciste	Leithdháileadh
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA	27.23%
Ciste Euribor Plus GRU SSgA	49.34%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA	2.73%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA	20.79%

D'fheidhmigh an Ciste ar aon dul lena thagarmharc sa tréimhse ó tosaíodh é an 9 Deireadh Fómhair 2013, inar fheidhmigh sé 0.22% os a chionn sa tréimhse ar bhonn chomhlán na dtáillí.

B'ionann toradh comhlán an Chiste agus 5.51% agus b'ionann an fheidhmíocht tagarmhairc agus 5.29%.

Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA - Athbhreithniú ar fheidhmíocht

Bhí leithdháileadh an Chiste ag deireadh na tréimhse mar seo a leanas:

Ciste	Leithdháileadh
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA	22.98%
Ciste Euribor Plus GRU SSgA	69.71%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA	0.86%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA	6.52%

D'fheidhmigh an Ciste ar aon dul lena thagarmharc sa tréimhse ó tosaíodh é an 9 Deireadh Fómhair 2013, d'fheidhmigh sé 0.28% os a chionn sa tréimhse ar bhonn chomhlán na dtáillí.

B'ionann toradh comhlán an Chiste agus 2.30% agus b'ionann an fheidhmíocht tagarmhairc agus 2.02%.

State Street Global Advisors Ireland Limited
Deireadh Fómhair 2014

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (CCB) agus post an Chuntasóra faoi Alt 15 agus Alt 16 faoi seach den Acht Oifigeach Cúirte, 1926. Ceanglaítear ar an gCuntasóir le hOrdú 77, Riail 83, de Rialacha na nUaschúirteanna cuntas a ullmhú ar an 31 Márta nó roimhe sin lena léirítear suim iomlán na gcistí a íocadh nó a aistríodh chuig an gCúirt agus ón gCúirt sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair le linn na bliana roimhe sin. Ní mór go léireodh an cuntas comhardú na gcistí sa Chúirt ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana. Éilítear go gcuirfí cóipeanna den chuntas ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus chuig an Aire Airgeadais. Leagtar amach an bunús ullmhúcháin agus na beartais chuntasaíochta ar leathanach 30.

Ní mór don Chuntasóir na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais lena dtugtar léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí oifig CCB agus ar thorthaí oifig CCB don tréimhse sin. Ní mór don Chuntasóir agus é nó í ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais CCB agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an CCB de bheith i bhfeidhm.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) mar a éilítear le dlí na hÉireann.

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
Aithníonn an Cuntasóir an fhreagracht atá air as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil i ndáil le hoibriú Oifig an Chuntasóra.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní ar a gcosaint, go n-údaraítear agus go gcláraítear na hidirbhearta mar ba chuí, agus go gcoisctear gach earráid nó neamhrialtacht ábhartha nó go n-aimsítear in am trátha iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe
Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú, agus
- tá róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ann, faoi na socruithe rialachais a bhunaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna, agus oibríonn an fheidhm sin laistigh de chairt cheadaithe. Ceann de phríomhfheidhmeanna an aonaid iniúchóireachta inmheánaí is ea tuairisciú a dhéanamh i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a oibríonn Oifig an Chuntasóra.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Dáta: 23 Márta 2015

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014, iniúchadh a chuimsíonn an Ráiteas faoi Shócmhainní agus Dliteanais, an Ráiteas faoi Oibríochtaí agus an Ráiteas faoi Athruithe i nGlansócmhainní agus na nótaí gaolmhara 1 go 18. Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83, agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta Leis in Éirinn) is ea an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á n-ullmhú.

Is don Chuntasóir agus dó sin amháin a ullmhaítear an tuarascáil seo, de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83.

Freagrachtaí an Chuntasóra agus na nIniúchóirí faoi seach
Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Chuntasóra, is é an Cuntasóir atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta Leis in Éirinn). Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83, agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais
Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áiríodh leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas: cé acu atá na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais nó nach bhfuil, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go leormhaith iad nó nár nochtadh; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne an Cuntasóir; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta, i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, i dTuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, san Fhaisnéis Chúlra agus san Fhaisnéis Fhorlíontach mar a thuairiscítear i rannán an chláir ábhar chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith breathnóimid na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais
Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta Leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus an toradh don bhliain dar críoch sin.

Cúrsaí a gceanglaítear orainn tuairisciú fúthu

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuí chuntas coinnithe ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta, i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, i dTuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, san Fhaisnéis Chúlra agus an Fhaisnéis Fhorlíontach ag teacht leis na ráitis airgeadais.

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (ar lean)

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
24-26 Cé na Cathrach
Baile Átha Cliath 2
Éire.

Dáta: 23 Márta 2015

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	Nótaí	30/9/2014 €	30/9/2013 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA			
Infheistíochtaí	4	1,440,915,855	1,271,780,807
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	5	20,007,981	12,410,315
Banc	6	13,153,958	10,026,894
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA		33,161,939	22,437,209
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	7	(1,170,051)	(690,770)
IOMLÁN NA nDLITEANAS REATHA		(1,170,051)	(690,770)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		31,991,888	21,746,439
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ		1,472,907,743	1,293,527,246
Ionannaithe ag:			
Cistí arna sealbhú ar son na dtairbhithe	8	1,472,907,743	1,293,527,246

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais an 23 Márta 2015.

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	Nótaí	30/9/2014 €	30/9/2013 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE			
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	10	7,091,927	6,706,512
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11	58,996,549	15,475,183
Glanchaillteanais a réadaíodh ar aistrithe sócmhainní	12	(1,642,374)	(107,193)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS AN tATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE		64,446,102	22,074,502
Ioncam infheistíochta	13	364,179	327,022
		64,810,281	22,401,524
Speansais	14	(2,093,030)	(2,023,576)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		62,717,251	20,377,948

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais an 23 Márta 2015.

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	(1,728,851)	(1,696,554)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	7,091,927	6,706,512
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	58,996,549	15,475,183
Glanchaillteanais a réadaíodh ar aistrithe amach le linn na bliana	(1,642,374)	(107,193)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	62,717,251	20,377,948
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	462,345,001	566,174,586
Eisíocaíochtaí	(345,681,755)	(481,804,728)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	116,663,246	84,369,858
Méadú Iomlán i nglansócmhainní don bhliain	179,380,497	104,747,806
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,293,527,246	1,188,779,440
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,472,907,743	1, 293,527,246

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1. GINEARÁLTA – STÁDAS DLÍTHIÚIL

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na Cistí Cúirte a bhainistiú i gcáil mhuiníneach thar ceann na dtairbhithe. Is iad seo a leanas an reachtaíocht phríomha agus an reachtaíocht thánaisteach a rialaíonn fáil, bainistiú agus infheistiú na gcistí atá á rialú ag na Cúirteanna:

- An tAcht Oifigeach Cúirte, 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

(a) Bonn ullmhúcháin
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83, agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta Leis in Éirinn). Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) mar a éilítear le dlí na hÉireann.

Bhain Oifig an Chuntasóra leas as an díolúine atá ar fáil faoi Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid (athbhreithnithe) FRS 1 gan ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.

(b) Luacháil na nInfheistíochtaí
Déantar infheistíochtaí liostaithe agus infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a luacháil ag a bpraghas tairgthe i gcás ina luaitear iad ar stocmhalartán aitheanta. Déantar polasaithe árachais a luacháil ag a luach géilliúna faoi mar a dheimhníonn na cuideachtaí árachais iad go neamhspleách. Déantar infheistíochtaí eile a luacháil ag a luach taisce lena n-áirítear ús fabhraithe ag deireadh na bliana.

(c) Ioncam
Is ar bhonn fabhruithe a thaifeadtar ioncam úis agus díbhinne.

(d) Gnóthachain agus caillteanais réadaithe
Taifeadtar idirbhearta infheistíochta ar bhonn an dáta trádála. Ríomhtar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin na n-urrús trádálaithe ar bhonn 'an ceann is túisce isteach is túisce amach'. Ríomhtar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin infheistíochtaí i gcistí aonadaithe ar bhonn an mheáin. Taifeadtar gnóthachain réadaithe agus an t-athrú i ngnóthachain nó i gcaillteanais neamhréadaithe ar infheistíochtaí sa ráiteas faoi oibríochtaí.

(e) Speansais
Is ar bhonn fabhruithe a choimeádtar cuntas ar speansais. Gearrtar speansais ar an ráiteas faoi oibríochtaí seachas i gcás na speansas a tabhaíodh ar an éadáil infheistíochta, rud a chuirtear san áireamh i gcostas infheistíochtaí den sórt sin.

Gearrtar costais a bhaineann le bainistiú na gcistí aonadaithe ar ghlanghnóthachain réadaithe agus ar an athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí.

3. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS

3.1 Táillí Cúirte

Is freagracht thromchúiseach í an fhreagracht dhlíthiúil a fheidhmíonn na cúirteanna, a cheanglaíonn go ndéanfar bainistíocht chuí ar na cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas thar ceann agus chun sochair na dtairbhithe. Tá go leor de na tairbhithe ar na daoine is leochailí sa tsochaí, mar shampla daoine ar Coimircithe Cúirte iad, agus daoine eile ar mionaoisigh faoi bhun 18 mbliana d'aois iad. D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an tSeirbhís Chúirteanna a freagracht as tacaíocht a thabhairt do na cúirteanna agus do na breithiúna i ndáil leis na Cistí sin, is gá go mbíonn acmhainní agus córais iomchuí i bhfeidhm chun na Cistí sin a bhainistiú. Áirítear leo sin freisin úsáid acmhainní seachtracha, mar shampla Comhairleoirí Infheistíochta, Iniúchóirí agus Bainisteoirí Infheistíochta. Gearrtar táillí cúirte agus muirir eile mar ranníocaíocht i dtreo chostais na n-oibríochtaí sin ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú na gCistí Cúirte. Tá na muirir sin mar chuid d'Orduithe Táillí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte agus is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhormheasann iad.

Gearradh táillí arbh fhiú €1.923 milliún iad de bharr idirbheart a phróiseáil Oifig an Chuntasóra sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: €1.834 milliún). Chomh maith leis na táillí sin, gearradh €170,306 i ndáil le céatadáin chúirte ar chistí a bhí á sealbhú thar ceann Coimircithe Cúirte (2013: €189,328).

3.2 Táillí Bainistithe Infheistíochtaí SSgA, Táillí Caomhnóra agus Táillí Riaracháin

Nuair a cuireadh tús leis na straitéisí infheistíochta nua an 9 Deireadh Fómhair 2013, rinneadh comhaontú faoi scála táillí bainistithe infheistíochtaí, táillí caomhnóra agus táillí riaracháin le State Street Global Advisors, na Bainisteoirí Infheistíochta, agus ionchorpraíodh iad sa Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta a síníodh an 7 Deireadh Fómhair 2013. Déantar na táillí uile a ríomh agus a fhabhrú ar bhonn seachtainiúil agus íoctar iad go díreach ó gach Punann ar bhonn míosúil. Clúdaíonn an táille uilechuimsitheach gach táille réasúnach a bhaineann leis an gciste laistigh den Chiste Speictrim agus den Mháistirchiste (a chuimsíonn cistí nach Cistí SSgA iad), lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh: táillí Iontaobhaithe/Muiníneacha, táillí riaracháin, táillí idirbhirt, Táillí Dlí agus táillí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta.

B'ionann na táillí bainistithe agus neamhbhainistithe infheistíochta a gearradh ar na Cistí Cúirte go léir a infheistíodh i gCistí Speictrim SSgA le linn na tréimhse faoi athbhreithniú agus €1,655,887.

4. INFHEISTÍOCHTAÍ

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Cistí aonadaithe SSgA	1,357,804,465	1,237,082,532
Cistí bainistithe	4,394,865	4,560,222
Gnáthscaireanna	2,909,380	2,452,500
Bannaí rialtais	617,162	551,327
Cuntais taisce	74,623,286	26,426,711
Teastais Choigiltis An Post	37,440	24,234
Polasaithe árachais	529,257	683,281
Punann Infheistíochtaí	1,440,915,855	1,271,780,807

5. FÉICHIÚNAITHE

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Suimeanna dáfa ag cúirt agus nach bhfuarthas go fóill	19,868,927	12,389,773
Ioncam Fabhraithe	139,054	20,542
	20,007,981	12,410,315

Áirítear le hioncam fabhraithe ús fabhraithe ar chuntais taisce a bhí sealbhaithe ag deireadh na bliana 2014 agus a taifeadadh de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo.

6. BANC

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Airgead tirim sa bhanc	13,153,958	10,026,894

7. CREIDIÚNAITHE

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Cáin Scoir Iníoctha (Féach Nóta 10)	1,170,051	690,770
	1,170,051	690,770

8. CISTÍ ARNA SEALBHÚ AR SON NA dTAIRBHITHE

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Suimeanna arna sealbhú ar son coimircithe cúirte	949,958,793	863,508,101
Suimeanna arna sealbhú ar son mionaoiseach	276,872,051	273,396,271
Suimeanna arna sealbhú ar feitheamh tuilleadh cásanna ordaithe	111,554,718	81,949,006
Suimeanna arna sealbhú do thiomnachtaí carthanachta	2,370,585	2,130,608
Suimeanna arna sealbhú do thaiscí leis an gcosaint	11,605,419	12,853,922
Eile (féach an nóta thíos)	120,546,177	59,689,338
	1,472,907,743	1,293,527,246

San áireamh in Eile, tá suim €66,045,158 (2013: €16,381,951), i ndáil le ciste amháin ar a dtugtar an "Ciste Cúitimh Árachais" a bunaíodh faoin Acht Árachais, 1964, chun freastal ar dhliteanais áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, d'fhonn go gcuirfeadh an tAire Airgeadais deontas agus iasachtaí ar fáil agus chun ranníocaíochtaí leis an gciste a fháil ó árachóirí.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Gníomhaíonn State Street Global Advisors Ireland Limited ("SSgA") mar Bhainisteoir Infheistíochta don Iontaobhas de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta.

Infheistíonn fochistí Iontaobhas Aonad Speictrim SSgA a gcuid sócmhainní go léir i gceann amháin nó i meascán d'fhochistí Cistí Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA atá liostaithe thíos.

- Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA
- Ciste Euribor Plus GRU SSgA
- Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA
- Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA
- Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA

Infheistíonn Ciste Fáis Speictrim SSgA cuid dá shócmhainní i gcistí eile.

I saothrú a gcuid cuspóirí agus beartas infheistíochta, tá na Cistí nochta do rioscaí éagsúla airgeadais go díreach nó trí na fochistí in Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA nó trí Chistí eile a n-infheistíonn siad iontu: riosca margaidh (lena n-áirítear riosca maidir le praghas an mhargaidh, riosca rátaí úis agus riosca airgeadra), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta trína bhféadfaí glansócmhainní na gCistí a laghdú.

Is iad seo a leanas na rioscaí agus cur chuige an Bhainisteora Infheistíochta maidir le bainistíocht na rioscaí:

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

Riosca Margaidh

(a) Riosca maidir le praghas an mhargaidh

Is éard atá i riosca maidir le praghas an mhargaidh ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraim airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh.

D'infheistigh Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA a shócmhainní uile i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSgA agus, dá bhrí sin, fágadh é gan chosaint ar na rioscaí margaidh céanna ar fágadh Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA gan chosaint orthu.

D'infheistigh Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA a shócmhainní uile i gCiste Euribor Plus GRU SSgA agus, dá bhrí sin, fágadh é gan chosaint ar na rioscaí margaidh céanna ar fágadh Ciste Euribor Plus GRU SSgA gan chosaint orthu.

Rinne Airgead Tirim agus Banna Gearrthéarmach Speictrim SSgA, Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA, Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA agus Ciste Fáis Speictrim SSgA, rinne siad raon cistí a infheistiú, ar cistí rianaithe innéacs iad roinnt díobh, agus tá a leochailí atá siad i leith riosca maidir le praghas an mhargaidh curtha in iúl sa tábla thíos.

Infheistíonn Ciste Fáis Speictrim SSgA i raon cistí a éagsúlaítear thar aicmí sócmhainne agus réigiúin. Maolaíonn an Bainisteoir Infheistíochta an riosca maidir le praghas an mhargaidh laistigh de Chiste Fáis Speictrim SSgA trí chloí leis na srianta infheistíochta agus leis na teorainneacha comhchruinnithe atá leagtha amach i Réamheolaire forlíontach an Chiste.

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ag gluaiseacht 20% san innéacs tagarmhairc ábhartha (arna ríomh in Euro) an 30 Meán Fómhair 2014 agus an 30 Meán Fómhair 2013 ar leibhéal fhochistí Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte na gCistí éagsúla dá bhfanfadh gach athróg eile mar a bhí.

Ciste	Innéacs tagarmhairc	Athrú mar % ar ghlansócmhainní an Chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2014	Athrú mar % ar ghlansócmhainní an Chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2013
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA	Innéacs Eurobloc an FTSE	19.80%	19.64%
Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA	Innéacs Forbartha Uile-Dhomhanda ex Eurobloc an FTSE	19.80%	19.87%
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA	Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain Citi EMU	20.60%	19.83%
Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA	Ráta Euro 7 Lá LIBID	2.80%	N/B
Ciste Euribor Plus GRU SSgA	Innéacs Aibíochta Tairisí Ráta Euro 3 Mhí LIBID BofA Merrill Lynch	N/B*	N/B

*Seoladh Ciste Euribor Plus GRU SSgA an 18 Iúil 2014 agus, mar thoradh ar a stair theoranta fáltas, d'fhéadfadh aon mheastachán maidir lena íogaireacht fáltais i leith a thagarmhairc faoi seach bheith míthreorach.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(a) Riosca Margaidh (ar lean)

Anuas air sin, tháinig méadú 20% ar Innéacs Tagarmhairc Ilchódaigh Ciste Fáis Speictrim SSgA in Euro an 30 Meán Fómhair 2014, rud a chuirfeadh méadú 18.40% (2013: 18.79%) ar na glansócmhainní a bheadh inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte Ciste Fáis Speictrim SSgA éagsúla dá bhfanfadh gach athróg eile mar a bhí.

Os a choinne sin, dá dtiocfadh laghdú 20% ar Innéacs Tagarmhairc Ilchódaigh Ciste Fáis Speictrim SSgA in Euro an 30 Meán Fómhair 2014, rud a chuirfeadh laghdú 18.40% (2013: 18.79%) ar na glansócmhainní a bheadh inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte Ciste Fáis Speictrim SSgA éagsúla dá bhfanfadh gach athróg eile mar a bhí.

(b) Riosca airgeadra

Is éard atá i riosca airgeadra ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraim airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí.

Is é Ciste Fáis Speictrim SSgA an t-aon fhochiste amháin nach n-infheistíonn go heisiach i gcistí ainmnithe in Euro agus, dá bhrí sin, níl sé nochta go díreach do riosca airgeadra.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, tá roinnt de na fochistí nochta go hindíreach do rioscaí airgeadra na mbunchistí a n-infheistíonn siad iontu.

Go háirithe, ag deireadh na bliana d'infheistigh Ciste Fáis Speictrim SSgA i gcistí atá nochta d'airgeadraí seachas an Euro. Chomh maith leis sin, d'infheistigh Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA agus Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA i gCiste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA. Tá gach ceann de na sócmhainní agus de na dliteanais agus an t-ioncam ar fad de chuid Chiste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA ainmnithe in airgeadraí eile seachas an Euro, arb é airgeadra feidhmiúil na gCistí é. Is iad na hairgeadraí suntasacha Dollar na Stát Aontaithe, Punt na Breataine, Yen na Seapáine, Dollar Cheanada, Dollar na hAstráile agus Franc na hEilvéise. Tá sé nochta dá bhrí sin do riosca airgeadra óir beidh luach na n-urrús ainmnithe in airgeadraí eile ag luainiú de bharr athruithe i rátaí malairte. Aistrítear ioncam atá ainmnithe in airgeadra eachtrach go Euro nuair a fhaightear é. Aistrítear na hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go hairgeadra feidhmiúil an Chiste de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go hairgeadra feidhmiúil an Chiste de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta dheireadh na bliana.

Níl Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA, Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA agus Ciste Airgid Thirim agus Banna Ghearrthéarmaigh Speictrim SSgA nochta d'aon rioscaí airgeadra eachtraigh mar gur ainmníodh sócmhainní agus dliteanais na gcistí a n-infheistíonn siad iontu in Euro, airgeadra feidhmiúil na gCistí.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar an nochtadh airgeadra go rialta chun a chinntiú go bhfanann sé laistigh de raon inghlactha.

Ní dhearnadh aon athrú ábhartha le linn na bliana ar bheartais ná ar phróisis na gCistí chun rioscaí airgeadra a bhainistiú ná ar na modhanna a úsáidtear chun rioscaí a thomhas.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(c) Riosca ráta úis

Is iad na sócmhainní agus dliteanais airgeadais úsmhara atá ag Ciste a nochtann é don riosca atá ag luaineachtaí i leibhéil rátaí úis an mhargaidh atá i bhfeidhm ar a staid airgeadais agus ar a sreafaí airgid.

Tá na Cistí nochta go díreach do riosca ráta úis trína sealúchais airgid thirim agus tá siad nochta go hindíreach do rioscaí rátaí úis trí roinnt de na comhscéimeanna a n-infheistíonn siad iontu.

Is amhlaidh an scéal sin go háirithe do Chiste Speictrim Euribor Plus SSgA agus do Chiste Airgid Thirim Speictrim SSgA, ar cistí iad atá nochta do na rioscaí úis céanna a bhfuil Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA agus Ciste Euribor Plus GRU SSgA nochta dóibh.

Tá Ciste Airgid Thirim agus Banna Ghearrthéarmaigh Speictrim SSgA, Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA agus Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA nochtadh do na rioscaí ráta úis céanna a bhfuil Ciste Euribor Plus GRU SSgA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA nochta dóibh i gcomhréir lena leithdháileadh.

Sealbhaíonn Ciste Euribor Plus GRU SSgA agus Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA sócmhainní agus dliteanais úsmhara a nochtann iad don riosca atá ag luaineachtaí i leibhéil rátaí úis an mhargaidh atá i bhfeidhm ar a staid airgeadais agus ar a sreafaí airgid.

Is é cuspóir infheistíochta Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA ná feidhmíocht Innéacs Bannaí Rialtais 1-3 Bliain Citi EMU a leanúint chomh dlúth agus is féidir le réasún. Dá bhrí sin, infheisteoidh an Bainisteoir Infheistíochta in infheistíochtaí den sórt sin, rud a chinnteoidh go leanfaidh feidhmíocht an fhochiste feidhmíocht an innéacs bunaidh chomh dlúth agus is féidir le réasún. Ní dhéanann sé aon iarracht an nochtadh do riosca ráta úis a bhainistiú laistigh den fhochiste.

Is go páirteach a bhainistítear an riosca ráta úis a bhaineann le Ciste Euribor Plus GRU SSgA agus le Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA le próiseas roghnaithe infheistíochta an Bhainisteora Infheistíochta lena n-áirítear réamh-mheastacháin maidir le teagmhais amach anseo agus an tionchar a bheidh acu ar rátaí úis, ar éagsúlú agus ar an bhfad a mhairfidh siad. I gcomhréir le beartas an fhochiste, déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht gach lá ar íogaireacht fhoriomlán an Chiste ó thaobh cúrsaí úis de.

Ní shealbhaíonn Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Euro GRU SSgA ná Ciste Innéacs Gnáthscaireanna Domhanda ex Euro GRU SSgA urrúis úsmhara agus, dá bhrí sin, ní thagann aon nochtadh do riosca ráta úis aníos i leith na bhfochistí sin.

Ní dhearnadh aon athrú ábhartha ó dheireadh na bliana roimhe ar bheartais ná ar phróisis na gCistí chun rioscaí ráta úis a bhainistiú ná ar na modhanna a úsáidtear chun rioscaí a thomhas.

(d) Riosca creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann ná an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisitheoir in ann na suimeanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, tá Cistí nochta go hindíreach do na rioscaí creidmheasa céanna is atá na cistí a n-infheistíonn siad iontu.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, d'infheistigh Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA a shócmhainní uile i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSgA agus, dá bhrí sin, tá siad nochta do na rioscaí creidmheasa céanna a bhfuil Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA nochta dóibh agus d'infheistigh Ciste Euribor Plus GRU SSgA a shócmhainní uile i gCiste Euribor Plus GRU SSgA.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(d) Riosca creidmheasa (ar lean)

Déanann Deasc Mhargaidh Airgid SSgA agus Foireann Géilliúlachta Punainne an Chomhairleora Infheistíochta monatóireacht ar an rátáil chreidmheasa reatha gach lá maidir le gach suíomh laistigh den Chiste lena chinntiú go leanann an Ciste ar aghaidh ag comhlíonadh na srianta agus na riachtanas maidir le rátáil chreidmheasa an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméid an Chiste.

Cinntíonn Deasc Mhargaidh Airgid SSgA agus Foireann Géilliúlachta Punainne an Chomhairleora Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú oiriúnach infheistíochtaí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, infheistíonn Ciste Speictrim Euribor Plus SSgA agus Ciste Airgid Thirim Speictrim SSgA a sócmhainní uile i gCiste Euribor Plus GRU SSgA agus i gCiste Airgid Thirim Euro GRU SSgA faoi seach. Tá Ciste Airgid Thirim agus Banna Ghearrthéarmaigh Speictrim SSgA, Ciste Cothromaithe Measartha Speictrim SSgA agus Ciste Éagsúlaithe Speictrim SSgA nochtadh do na rioscaí contrapháirtí céanna a bhfuil Ciste Euribor Plus GRU SSgA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA nochta dóibh i gcomhréir lena leithdháileadh. I gcás Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA, cinntíonn an Bainisteoir Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú oiriúnach infheistíochtaí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith, agus díríonn sé freisin ar chuspóir lárnach an Chiste, is é sin, feidhmíocht a thagarmharc a leanúint chomh dlúth agus is féidir le réasún.

Tá urrúis úsmhara ag Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA, Ciste Euribor Plus SSgA agus Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA agus an nochtadh creidmheasa seo a leanas acu amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus an 30 Meán Fómhair 2013.

Ainm an chiste	Amhail an 30 Meán Fómhair 2014		Amhail an 30 Meán Fómhair 2013	
	Grád infheistíochta	Grád neamh-infheistíochta	Grád infheistíochta	Grád neamh-infheistíochta
Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA	100%	-	100%	-
Ciste Innéacs Bannaí EMU GRU SSgA	100%	-	100%	-
Ciste Euribor Plus GRU SSgA*	100%	-	N/B	N/B

* Seoladh Ciste Euribor Plus GRU SSgA an 18 Iúil 2014.

Áirítear iad seo a leanas le nochtadh creidmheasa an Chiste freisin:

- an riosca go gcaillfear an t-airgead tirim a bhí á shealbhú ag State Street Custodial Services (Ireland) Limited ar an dáta tuairiscithe, agus
- an riosca nach n-íocfaidh na bróicéirí as na hurrúis a fuarthas ó na Cistí, nó nach gcuirfidh siad na hurrúis ar fáil ar íoc na Cistí astu.

An 30 Meán Fómhair 2014, thug Standard & Poor's rátáil A+ (an 30 Meán Fómhair 2013: A+) do State Street Corporation, máthairchuideachta State Street Custodial Services (Ireland) Limited, maidir le fiach fadtéarmach, agus meastar gur beag atá an baol go mainneoidh siad.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(e) Riosca leachtachta

Is éard atá i riosca leachtachta ná an baol go mbeidh deacracht ag aonán a dhualgais a bhaineann le dliteanais airgeadais a chomhlíonadh. Socraítear na dliteanais sin trí airgead tirim nó shócmhainní airgeadais eile a sheachadadh.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, tá Cistí nochta go hindíreach do na rioscaí leachtachta céanna is atá na Cistí a n-infheistíonn siad iontu.

Infheistíonn Cistí Iontaobhais Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA a gcuid sócmhainní in infheistíochtaí a thrádáiltear i margadh gníomhach agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Tá na Cistí nochta do dhéileáil sheachtainiúil agus infheistíonn siad i gcistí atá nochta do dhéileáil sheachtainiúil, seachas Ciste Airgid Thirim Euro GRU SSgA a thairgeann déileáil laethúil. Tá fuascailtí a dhéantar ar aonaid infhuascailte i gCistí agus i bhfochistí Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Chomhláin SSgA iníoctha laistigh de 3 lá gnó ón lá déileála sin ar a ndéantar an fhuascailt.

Ar na cúiseanna sin, tá an Bainisteoir Infheistíochta tar éis measúnú a dhéanamh agus a dhearbhú gur beag atá an baol go mbeadh tionchar ag easpa leachtachta ar na Cistí.

Athbhreithníonn an Comhairleoir Infheistíochta staid leachtachta reatha agus tuartha na gCistí gach lá agus áirithíonn sé go ngintear aon airgead, de réir mar is cuí, atá riachtanach chun aon iarratas fuascailte a shásamh.

10. GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Gnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	11,188,241	9,894,143
Lúide:		
Cáin scoir (i)	(4,016,169)	(3,140,081)
Tobhach frithchaolaithe agus coimisiún bróicéirí (ii)	(80,145)	(47,550)
Glanghnóthachan réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	7,091,927	6,706,512

(i) Tugann an tAcht Airgeadais, 2003, údarás don tSeirbhís Chúirteanna asbhaintí a dhéanamh ag an bhfoinse agus cuntas a thabhairt as cánacha scoir a eascraíonn as diúscairt infheistíochtaí sna cistí aonadaithe a bhunaigh SSgA. Ríomhtar an cháin ar ráta 41% (2013: 36%) de réir an Achta Airgeadais 2014 agus tá sí iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(ii) Is éard atá sa tobhach frithchaolaithe ná táillí a ghearrtar ar shuibscríbhinní agus ar fhuascailtí ó na cistí aonadaithe.

11. GLANATHRÚ I nGNÓTHACHAIN/(CAILLTEANAIS) NEAMHRÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ

	30/9/2014	30/9/2013
	€	€
Athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí le linn na bliana	61,042,197	17,045,936
Lúide:		
Táillí bainistithe infheistíochta (Nóta 3.2)	(1,350,776)	(904,197)
Táillí ilghnéitheacha ar chistí bainistithe (i)	(305,111)	(572,328)
Tobhach frithchaolaithe agus coimisiún bróicéirí (ii)	(389,761)	(94,228)
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	58,996,549	15,475,183

(i) Áirítear leis na táillí sin muirir idirbhirt, táillí iniúchóireachta, táillí cumhdach, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaí agus ús bainc.

(ii) Is éard atá sa tobhach frithchaolaithe ná táillí a ghearrtar ar shuibscríbhinní agus ar fhuascailtí ó na cistí aonadaithe.

12. GLANCHAILLTEANAIS A RÉADAÍODH AR AISTRIÚ SÓCMHAINNÍ

	30/9/2014	30/9/2013
	€	€
Glanchaillteanais ar aistrithe amach le linn na bliana	(1,642,374)	(107,193)

D'eascair na glanchaillteanais sin as aistriú gnáthscaireanna a bhíodh á gcoimeád in ainm Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amach as coimeád na cúirte. Tugadh na gnáthscaireanna sin go léir isteach sa chúirt nuair a rinneadh Coimircí Cúirte de dhuine, agus taifeadadh iad sna cuntais ag luach margaidh an ama sin. Is ionann an glanchaillteanas agus an glanlaghdú i luach na ngnáthscaireanna nuair a aistríodh iad amach as an gcúirt, faoi mar a ordaíodh le hordú cúirte. Níl sa glanchaillteanas dá dtagraítear ach caillteanas páipéir mar nár díoladh na gnáthscaireanna i ndáiríre.

13. IONCAM INFHEISTÍOCHTA

	30/9/2014	30/9/2013
	€	€
Ús ar thaiscí	283,410	239,483
Díbhinní	57,093	50,229
Scaireanna in ionad díbhinní	6,968	6,680
Ús ar infheistíochtaí eile	16,137	30,630
Díol eisiúna de cheart	571	-
	364,179	327,022

Léirítear ioncam infheistíochta glan ar cháin shiarchoinneálach. Áirítear le hús taisce in 2014 agus in 2013 ioncam ó ús fabhraithe taisce de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo.

14. SPEANSAIS	30/9/2014 €	30/9/2013 €
Táillí cúirte (Nóta 3.1)	2,092,965	2,023,495
Muirir bhainc	65	81
	2,093,030	2,023,576

15. IONCAM EILE

Is ionann ioncam eile agus ioncam ó bhlianachtaí, ó dhíol cearta céadrogha agus ó ús ar lóisteálacha déanacha i measc nithe eile.

16. TOMHAS LUACHA CHÓIR

Ghlac Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais leis an leasú a rinneadh ar Ionstraim Airgeadais FRS 29: Nochtadh, le héifeacht don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Éilíonn sé sin ar Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ionstraimí airgeadais a nochtadh ag baint úsáid as ordlathas luacha chóir a léiríonn suntasacht na n-ionchur a úsáideadh chun na tomhais a dhéanamh.

Is mar seo a leanas atá trí leibhéal ordlathais na luachanna córa:

- Praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó do dhliteanais chomhionanna (Leibhéal 1).

- Ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear le leibhéal 1 atá inbhraite i gcás na sócmhainne nó an dliteanais, bíodh sé go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, díorthaithe ó phraghsanna) (Leibhéal 2).

- Ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite margaidh (is é sin, ionchuir neamh-inbhraite) (Leibhéal 3).

Cinntítear an leibhéal in ordlathas na luachanna córa ina ndéantar an luach cóir a thomhas a chatagóiriú go huile agus go hiomlán ar bhonn ionchur an Leibhéil is ísle atá suntasach maidir leis an luach cóir a thomhas ina iomláine. Chun na críche sin, measúnaítear an tábhacht a bhaineann le hionchur i gcoinne thomhas an luacha chóir ina iomláine. Má úsáidtear ionchuir inbhraite a éilíonn coigeartú suntasach bunaithe ar ionchuir neamh-inbhraite chun luach cóir a thomhas, ní foláir nó gur tomhas Leibhéal 3 é an tomhas sin. Chun measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le hionchur ar leith maidir le tomhas luacha chóir ina iomláine, bíonn breithiúnas ag teastáil, agus breithniú á dhéanamh ar thosca atá sonrach don tsócmhainn nó don dliteanas.

Beidh ar Bhainisteoir Infheistíochta SSgA breithiúnas a dhéanamh go cúramach le cinneadh a dhéanamh faoi cad é go díreach atá i gceist le “hinbhraite”. Measann an Bainisteoir Infheistíochta gurb ionann sonraí inbhraite agus sonraí margaidh atá ar fáil go héasca, a dháiltear nó a nuashonraítear go rialta, atá iontaofa agus infhíoraithe, nach sonraí príobháideacha ná dílsithe iad, agus go bhfuil siad curtha ar fáil ag foinsí neamhspleácha atá gníomhach sa mhargadh ábhartha.

16. TOMHAS LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Tá anailís sa tábla seo a leanas laistigh d'ordlathas luacha chóir Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar na sócmhainní airgeadais agus dliteanais (de réir aicme) a tomhaiseadh ag luach cóir an 30 Meán Fómhair 2014:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
Infheistíochtaí				
- Cistí aonadaithe SSgA	-	1,357,804,465	-	1,357,804,465
- Cistí bainistithe	-	4,394,865	-	4,394,865
- Gnáthscaireanna	2,909,380	-	-	2,909,380
- Bannaí rialtais	617,162	-	-	617,162
- Cuntais taisce	74,623,286	-	-	74,623,286
- Teastais Choigiltis An Post	37,440	-	-	37,440
- Polasaithe árachais	-	-	529,257	529,257
Iomlán	**78,187,268**	**1,362,199,330**	**529,257**	**1,440,915,855**

Tá anailís sa tábla seo a leanas laistigh d'ordlathas luacha chóir Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar na sócmhainní airgeadais agus dliteanais (de réir aicme) a tomhaiseadh ag luach cóir an 30 Meán Fómhair 2013:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
Infheistíochtaí				
- Cistí aonadaithe SSgA	-	1,237,082,532	-	1,237,082,532
- Cistí bainistithe	-	4,560,222	-	4,560,222
- Gnáthscaireanna	2,452,500	-	-	2,452,500
- Bannaí rialtais	551,327	-	-	551,327
- Cuntais taisce	26,426,711	-	-	26,426,711
- Teastais Choigiltis An Post	24,234	-	-	24,234
- Polasaithe árachais	-	-	683,281	683,281
Iomlán	**29,454,772**	**1,241,642,754**	**683,281**	**1,271,780,807**

Baineann infheistíochtaí Leibhéal 3 le hinfheistíochtaí i bpolasaithe árachais nach bhfuil luaite ar mhalartán nó nach bhfuil á dtrádáil go gníomhach. In éagmais aon fhaisnéise margaidh, rinne an Cuntasóir na hinfheistíochtaí a luacháil ar bhunús na luachanna a chuir an chuideachta árachais ar fáil. Creideann an Cuntasóir go bhfuil sé sin cóngarach don luach cóir agus nach ndéanfaí aon choigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais dá mba rud é go ndéanfaí aon choigeartú a bheadh riachtanach chun na hinfheistíochtaí a mheas ag luach cóir.

16. TOMHAS LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Sa tábla seo a leanas, tá réiteach na suimeanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraim airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite i dtomhas foriomlán an luacha chóir.

Polasaithe árachais	**€**
Iarmhéid tosaigh	683,281
Fáltais díolachán	(173,994)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	19,970
Iarmhéid deiridh an 30 Meán Fómhair 2014	529,257

Ní raibh aon aistrithe idir na leibhéil éagsúla sa bhliain.

Sa tábla seo a leanas, tá réiteach na suimeanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraim airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite i dtomhas foriomlán an luacha chóir.

Polasaithe árachais	**€**
Iarmhéid tosaigh	750,953
Fáltais díolachán	(86,820)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	19,148
Iarmhéid deiridh an 30 Meán Fómhair 2013	683,281

Is ionann na glanchaillteanais neamhréadaithe a bhaineann le polasaithe árachais atá fós ar láimh amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus €134,401 (2013: €154,371).

17. TEAGMHAIS TAR ÉIS AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Níorbh ann d'aon teagmhais ábhartha tar éis an chláir chomhardaithe a mbeadh sé riachtanach na figiúirí ar nochtadh sna ráitis airgeadais a leasú dá mbarr.

18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais eisiúint na ráiteas airgeadais an Márta 2015.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

FAISNÉIS FHORLÍONTACH

(NACH gCLÚDAÍTEAR I dTUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA)

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/09/2013 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	1,310,638,919	1,157,797,863
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	18,925,239	11,695,084
Banc	12,106,690	9,331,206
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	31,031,929	21,026,290
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(1,101,693)	(616,165)
IOMLÁN NA nDLITEANAS	(1,101,693)	(616,165)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	29,930,236	20,410,125
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ	1,340,569,155	1,178,207,988
IONANNAITHE AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	1,340,569,155	1,178,207,988

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	6,740,207	6,212,669
Glanghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	57,563,692	16,226,070
Caillteanais a réadaíodh ar aistriú amach le linn na bliana	(1,642,374)	(107,193)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	62,661,525	22,331,546
Ioncam infheistíochta	363,297	323,817
	63,024,822	22,655,363
Speansais	(2,092,965)	(2,023,495)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	60,931,857	20,631,868

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	(1,729,668)	(1,699,678)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	6,740,207	6,212,669
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	57,563,692	16,226,070
Caillteanais a réadaíodh ar aistriú amach le linn na bliana	(1,642,374)	(107,193)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	60,931,857	20,631,868
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	431,075,139	541,063,292
Eisíocaíochtaí	(329,645,829)	(465,159,422)
MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	101,429,310	75,903,870
Méadú i nGlansócmhainní	162,361,167	96,535,738
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,178,207,988	1,081,672,250
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,340,569,155	1,178,207,988

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	125,899,756	110,126,430
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	924,394	680,373
Banc	976,377	676,814
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	1,900,771	1,357,187
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(66,181)	(71,947)
IOMLÁN NA nDLITEANAS	(66,181)	(71,947)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	1,834,590	1,285,240
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ	127,734,346	111,411,670
IONANNAITHE AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	127,734,346	111,411,670

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	340,209	474,542
Glanghluaiseacht i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	1,364,676	(721,702)
GLANGHNÓTHACHAIN/(GLANCHAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	1,704,885	(247,160)
Ioncam infheistíochta	322	2,705
	1,705,207	(244,455)
Speansais	(65)	(81)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	1,705,142	(244,536)

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	257	2,624
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	340,209	474,542
Glanghnóthachain/(glanchaillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	1,364,676	(721,702)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	1,705,142	(244,536)
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	30,267,764	24,717,109
Eisíocaíochtaí	(15,650,230)	(16,148,480)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	14,617,534	8,568,629
Méadú i nGlansócmhainní	16,322,676	8,324,093
Glansócmhainní ag tús na bliana	111,411,670	103,087,577
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	127,734,346	111,411,670

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	4,377,180	3,856,514
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	158,348	34,858
Banc	70,891	18,874
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	229,239	53,732
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(2,177)	(2,658)
IOMLÁN NA nDLITEANAS	(2,177)	(2,658)
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA	227,062	51,074
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ	4,604,242	3,907,588
IONANNAITHE AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	4,604,242	3,907,588

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS FAOI OIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/09/2013 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	11,511	19,301
Glanghluaiseacht i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	68,181	(29,185)
GLANGHNÓTHACHAIN/(GLANCHAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	79,692	(9,884)
Ioncam infheistíochta	560	500
	80,252	(9,384)
Speansais	(0)	(0)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	80,252	(9,384)

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	30/9/2014 €	30/9/2013 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide speansais	560	500
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	11,511	19,301
Glanghnóthachain/(glanchaillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	68,181	(29,185)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	80,252	(9,384)
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	1,002,098	394,185
Eisíocaíochtaí	(385,696)	(496,826)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	616,402	102,641
Méadú/ (Laghdú) i nGlansócmhainní	696,654	(112,025)
Glansócmhainní ag tús na bliana	3,907,588	4,019,613
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	4,604,242	3,907,588

An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
An tSeirbhís Chúirteanna
15 - 24 Sráid an Fhionn Uisce Thuaidh
Margadh an Feirme
Baile Átha Cliath 7

Teileafón +353 1 888 6211
+353 1 888 6214

Greasáin www.courts.ie